**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2018/0196(COD)**

5.12.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí
(COM(2018)0375 – C8-0230/2018 – 2018/0196(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Maria Gabriela Zoană

## RÉASÚNÚ GEARR

Is mór ag an Rapóirtéir an obair atá déanta ag an gCoimisiún agus an togra le haghaidh rialachán maidir le forálacha coiteanna á dhréachtú aige, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go bhfreastalaítear leis ar an ngá atá le leanúnachas in eisíocaíocht na gcistí, le solúbthacht agus le simpliú ina chur chun feidhme.

Tá an rialachán seo ina bhunús don tsineirge idir na Cistí Struchtúracha, arb é an príomhchuspóir atá leo ná tacaíocht a thabhairt do réigiúin bheagfhorbartha chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú san Aontas Eorpach.

Tá an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ina mheán infheistíochta inbhuanaithe agus éifeachtúil i gcomhair fhás agus fhorbairt na gceantar tuaithe, na ngnólachtaí agus na n-acmhainní in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i ngeilleagar na tuaithe chomh maith. Is féidir leis tacaíocht a thabhairt do réimse leathan spriocanna forbartha, arb é an aidhm atá leo tairbhe a dhéanamh do sciar breise faighteoirí, agus d’fhéadfadh sé cistí ó infheistíochtaí eile a athúsáid.

Tá an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir leis na Cistí Struchtúracha ina chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil nua do thréimhse 2021-2027, agus bunaítear ann forálacha coiteanna i gcomhair bainistíocht chomhroinnte lena soláthraítear ar an gcaoi sin sraith choiteann rialacha bunúsacha do sheacht gciste cé is moite den Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) atá ar an eisceacht is suntasaí.

Dar leis an Rapóirtéir, ní mór CETFT a choimeád i Rialachán Forálacha Coiteanna an chreata reachtaigh a bheidh ann amach anseo. Is é an rud is mó a dhéantar leis an tuairim seo ná an ghné sin den togra ón gCoimisiún a leasú.

Is é is aidhm leis na leasuithe atá beartaithe ná an ceangal a athbhunú idir cistí, gan ualach riaracháin breise agus dúbláil ar na rialacha a chruthú, agus leibhéal comhtháite cistí struchtúracha a áirithiú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe ***agus*** an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí | lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, ***an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe,*** an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) D'fhéadfadh athchóirithe struchtúracha dlús a chur le próiseas an chóineasaithe shóisialta agus eacnamaíoch i measc na mBallstát. D'fhéadfadh sé go n-eascródh rathúnas níos fearr as na héifeachtaí atá ag baint le cóineasú den sórt sin agus le neartú athléimeachta.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Meastar nach dtosóidh an Clár*** |

| | |
|---|---|
| | ***Tacaíochta um Athchóiriú nua, a bhfuil buiséad foriomlán de EUR 25 billiún molta dó, roimh Eanáir 2021. Idir an dá linn, tá sé tábhachtach a bheith ceannródaíoch le huirlis chomhchosúil chun tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe struchtúracha.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhordú agus ar chomhchuibhiú chur chun feidhme na gcistí de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, mar atá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, bearta arna maoiniú faoi bhainistíocht comhroinnte sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), an Ciste Tearmainn agus Imirce (CTIL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBTV), ba cheart rialacha airgeadais bunaithe ar Airteagal 322 CFAE a leagan síos do na Cistí sin uile ('na Cistí'), ina sonrófar go soiléir raon feidhme chur i bhfeidhm na bhforálacha éagsúla. Ina theannta sin, ba cheart forálacha coiteanna bunaithe ar Airteagal 177 CFAE a leagan síos chun rialacha maidir le beartais shonracha a chumhdach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CEMI. | (2) Le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhordú agus ar chomhchuibhiú chur chun feidhme na gCistí de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, eadhon Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe***, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)***, bearta arna maoiniú faoi bhainistíocht chomhroinnte sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), an Ciste Tearmainn agus Imirce (CTIL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBTV), ba cheart rialacha airgeadais bunaithe ar Airteagal 322 CFAE a leagan síos do na Cistí sin uile ('na Cistí'), ina sonrófar go soiléir raon feidhme chur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha. Sa bhreis air sin, ba cheart forálacha coiteanna bunaithe ar Airteagal 177 CFAE a leagan síos chun rialacha maidir le beartais shonracha a chumhdach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CEMI. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) I bhfianaise na samhla nua le haghaidh chur chun feidhme an Chomhbheartais Talmhaíochta agus chun a áirithiú go dtarlóidh cóineasú ar na rialacha agus nós imeachta i bhfad níos simplí do thairbhithe deiridh na gCistí Eorpacha Talmhaíochta ar feirmeoirí iad 90% díobh, beidh feidhm ag na rialacha coiteanna sa Rialachán seo maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Mar sin féin, leanann rialacha áirithe sa Rialachán seo ar cheart dóibh feidhm a bheith acu maidir le rialacha na forbartha críochaí, na hinfheictheachta agus na cumarsáide agus leis na hionstraimí airgeadais d'fheidhm a bheith acu i gcónaí maidir le cúnamh arna chistiú ag CETFT dá dtagraítear i rialacháin sain-earnála.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart go rachadh bearta sonracha agus maoiniú breise chun tairbhe na réigiún is forimeallaí agus na réigiún tuaisceartach inar tearc an daonra, de bhun Airteagal 349 CFAE agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994. | (4) Ba cheart go rachadh bearta sonracha agus maoiniú breise chun tairbhe na réigiún is forimeallaí***, atá faoi mhíbhuntáiste áirithe mar gheall ar a suíomh geografach agus atá i mbaol tubaistí nádúrtha,*** agus na réigiún tuaisceartach inar tearc an daonra, de bhun Airteagal 349 CFAE agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) An Comhaontú Comhpháirtíochta, arna ullmhú ag gach Ballstát, ba cheart é a bheith ina dhoiciméad straitéiseach a threoródh an chaibidlíocht idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann maidir le ceapadh clár. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart é a bheith riachtanach Comhaontuithe Comhpháirtíochta a leasú le linn na clárthréimhse. Chun an clársceidealú a éascú agus ionas nach mbeidh forluí idir inneachar na ndoiciméad clársceidealaithe, ***is féidir*** Comhaontuithe Comhpháirtíochta a áireamh mar cuid de chlár. | (15) An Comhaontú Comhpháirtíochta, arna ullmhú ag gach Ballstát, ba cheart é a bheith ina dhoiciméad straitéiseach a threoródh an chaibidlíocht idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann maidir le ceapadh clár. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart é a bheith riachtanach Comhaontuithe Comhpháirtíochta a leasú le linn na clárthréimhse. Chun an clársceidealú a éascú agus forluí idir inneachar na ndoiciméad clársceidealaithe a sheachaint, ***ba cheart go mbeadh sé indéanta*** Comhaontuithe Comhpháirtíochta ***a*** áireamh mar chuid de chlár. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(20) Sásraí lena áirithiú go bhfuil nasc idir beartais chistiúcháin an Aontais agus rialachas eacnamaíoch an Aontais, ba cheart iad a chóiriú a thuilleadh, ionas gur féidir leis an gCoimisiún togra a chur chuig an gComhairle maidir le cuid de na gealltanais, nó na gealltanais uile, do chlár amháin nó níos mó de chuid an Bhallstáit lena mbaineann a chur ar fionraí mura ndéanfaidh an Ballstát sin bearta éifeachtacha i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch. Chun cur chur chun feidhme aonfhoirmeacha a áirithiú agus i bhfianaise thábhacht éifeachtaí airgeadais na mbeart atá á bhforchur, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún agus ba cheart dó gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún. Chun gur fusa cinntí a ghlacadh a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú i*** | ***scriosta*** |

***gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch, ba cheart vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe a úsáid.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun leas níos fearr a bhaint as an bpoitéinseal atá ann ar an leibhéal áitiúil, is gá forbairt áitiúil faoi cheannas an phobail a neartú agus a éascú. Ba cheart na riachtanais áitiúla agus an poitéinseal áitiúil a chur san áireamh freisin, chomh maith leis na saintréithe soch-chultúrtha ábhartha, agus foráil a dhéanamh maidir le hathruithe struchtúracha, acmhainneacht an phobail a mhéadú agus an nuálaíocht a spreagadh. Ba cheart neartú a dhéanamh ar an dlúthchomhar agus ar an úsáid chomhtháite idir Cistí chun straitéisí forbartha áitiúla a chur i bhfeidhm. Mar phrionsabal bunúsach, an fhreagracht as straitéisí 'forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail' a cheapadh agus a chur chun feidhme ba cheart í a thabhairt do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla a dhéanann ionadaíocht ar leasanna an phobail. Chun éascaíocht a dhéanamh do thacaíocht chomhordaithe ó Chistí éagsúla chuig straitéisí 'forbairt áitiúil faoi cheannas an phobail', ba cheart úsáid chur chuige an 'Chiste Cheannasaigh' a éascú. | (24) Chun leas níos fearr a bhaint as an bpoitéinseal atá ann ar an leibhéal áitiúil, is gá CLLD ***(dá dtagraítear mar 'LEADER' faoi CETFT)*** a neartú agus a éascú. Ba cheart na riachtanais áitiúla agus an poitéinseal áitiúil a chur san áireamh freisin, chomh maith leis na saintréithe soch-chultúrtha ábhartha, agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hathruithe struchtúracha, acmhainneacht an phobail agus **caipiteal agus eolas daonna** a fhorbairt agus an nuálaíocht a spreagadh. Ba cheart neartú a dhéanamh ar an dlúthchomhar agus ar an úsáid chomhtháite idir Cistí chun straitéisí forbartha áitiúla a chur i bhfeidhm. Mar phrionsabal bunúsach, ba cheart do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla, a dhéanann ionadaíocht ar leasanna an phobail, a bheith freagrach as ceapadh agus cur chun feidhme straitéisí CLLD. ***Mar gheall air go bhfuil torthaí suntasacha bainte amach ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla go dtí seo, ba cheart dóibh, mar sin, tacaíocht airgeadais níos cuimsithí a fháil.*** Chun éascaíocht a dhéanamh ar thacaíocht chomhordaithe ó Chistí éagsúla***, lena n-áirítear iad sin nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo***, chuig straitéisí CLLD agus ar a gcur chun feidhme, ba cheart úsáid chur chuige an 'Chiste Cheannasaigh' a éascú. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun a áirithiú go bhfuil faisnéis chuimsitheach chothrom le dáta le fáil faoi chur chun feidhme na gclár, ba cheart é a bheith ina cheangal tuairisciú leictreonach a dhéanamh níos ***minice*** maidir le sonraí cainníochtúla. | (29) Chun a áirithiú go bhfuil faisnéis chuimsitheach chothrom le dáta le fáil faoi chur chun feidhme na gclár, ba cheart é a bheith ina cheangal tuairisciú leictreonach a dhéanamh níos ***rialta*** maidir le sonraí cainníochtúla. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun tacú le hullmhú clár gaolmhar agus gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid na chéad chlárthréimhse eile, ba cheart don Choimisiún measúnú lárthéarma a dhéanamh ar na Cistí. Ag deireadh na clárthréimhse, ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí ***siarghabhálacha*** a dhéanamh ar na Cistí, a bheadh dírithe ar thionchar na gCistí. | (30) Chun tacú le hullmhú clár gaolmhar agus gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid na chéad chlárthréimhse eile, ba cheart don Choimisiún measúnú lárthéarma a dhéanamh ar na Cistí. Ag deireadh na clárthréimhse, ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí ***ex post*** a dhéanamh ar na Cistí, a bheadh dírithe ar thionchar na gCistí. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun an glacadh le hinfheistíochtaí cómhaoinithe sa chomhshaol a optamú, ba cheart a áirithiú go bhfuil sineirgí ann leis an gClár LIFE don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide, go háirithe trí thionscadail chomhtháite straitéiseacha agus trí thionscadail chomhshaoil straitéiseacha faoi LIFE. | (36) Chun an glacadh le hinfheistíochtaí cómhaoinithe sa chomhshaol a optamú, ba cheart a áirithiú go bhfuil sineirgí ann leis an gclár LIFE don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide, go háirithe trí thionscadail chomhtháite straitéiseacha agus tionscadail chomhshaoil straitéiseacha LIFE***, chomh maith le comhlántacht le cistí agus ionstraimí eile an Aontais Eorpaigh***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(36a) Braitheann rath na dtionscadal comhtháite straitéiseach ar dhlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus na gníomhaithe neamhstáit lena mbaineann. Ba cheart prionsabail maidir le trédhearcacht agus nochtadh cinntí a bhaineann le forbairt, cur chun feidhme, measúnú agus faireachán tionscadal a chur i bhfeidhm dá bhrí sin.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (40) Chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a mhaoinítear go hiomlán nó i bpáirt ó bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir na Cistí agus ionstraimí faoi bhainistíocht dhíreach, lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin. Ba cheart na sineirgí sin a ghnóthú le sásraí príomha, mar atá aitheantas do rátaí comhréidhe i gcomhair costais incháilithe ó Fhís Eorpach i gcomhair oibríocht inchurtha agus an deis cistiú ó ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a chomhcheangal in aon oibríocht amháin a fhad agus nach ndéanfar maoiniú dúbailte. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha maidir le maoiniú comhlántach ó na Cistí a leagan amach sa Rialachán seo. | (40) Chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a mhaoinítear go hiomlán nó i bpáirt ó bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir na Cistí***, lena n-áirítear cistí talmhaíochta,*** agus ionstraimí faoi bhainistíocht dhíreach, lena n-áirítear an Uirlis um Thabhairt i gCrích Athchóirithe. Ba cheart na sineirgí sin a ghnóthú le sásraí príomha, eadhon aitheantas do rátaí comhréidhe i gcomhair costais incháilithe ó Fhís Eorpach i gcomhair oibríocht inchurtha agus an deis cistiú ó ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a chomhcheangal in aon oibríocht amháin a fhad agus nach ndéanfar maoiniú dúbailte. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha maidir le maoiniú comhlántach ó na Cistí a leagan amach sa Rialachán seo. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (66) I gcomhthéacs an gcúinsí uathúla sonracha arb ann dóibh ar oileán na hÉireann, a d'fhonn tacú leis an gcomhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ba cheart clár trasteorann nua 'PEACE PLUS' leanúint den obair a rinne na cláir Peace agus INTERREG roimhe seo, agus forbairt a dhéanamh ar an obair sin, idir contaetha na teorann in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. I bhfianaise a thábhacht phraiticiúil, ba cheart tacú leis an gclár sin le leithdháileadh sonrach chun leanúint den tacaíocht do ghníomhaíochtaí síochána agus athmhuintearais, agus ba cheart sciar iomchuí de leithdháileadh na hÉireann faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a leithdháileadh ar an gclár freisin. | (66) I gcomhthéacs na n-imthosca uathúla sonracha arb ann dóibh ar oileán na hÉireann, a d'fhonn tacú leis an gcomhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ba cheart go leanfadh clár trasteorann nua 'PEACE PLUS' den obair a rinne na cláir Peace agus INTERREG roimhe seo, agus forbairt a dhéanamh ar an obair sin, idir contaetha na teorann in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. I bhfianaise a thábhachta praiticiúla, ba cheart tacú leis an gclár sin le leithdháileadh sonrach chun leanúint den tacaíocht do ghníomhaíochtaí síochána agus athmhuintearais, agus ba cheart sciar iomchuí de leithdháileadh na hÉireann faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a leithdháileadh ar an gclár freisin. ***Sa bhreis air sin, agus i bhfianaise shuíomh geografach uathúil na hÉireann, ba cheart forálacha breise a dhéanamh chun acmhainní a leithdháileadh maidir le nascacht agus saincheisteanna gaolmhara a d'fhéadfadh eascairt i ndiaidh Brexit;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Forálacha coiteanna is infheidhme maidir le CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe agus CEMI. | (b) forálacha coiteanna is infheidhme maidir le CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CEMI ***agus CETFT, arb iad na forálacha sin amháin dá dtagraítear i bpointe 5a den Airteagal seo is infheidhme maidir le CETFT.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Beidh feidhm ag Teideal III de Chaibidil II agus ag Airteagail 41 agus 43 maidir le bearta cúnaimh arna maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ('CETFT'), agus beidh feidhm ag Airteagal 2, míreanna 15-17 agus míreanna 22-25, chomh maith le hAirteagail 52 go 56 maidir leis na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) [...] ('An Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT') agus dá dtacaítear faoi CETFT.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) na réigiúin NUTS 2 a rinneadh a nuacheapadh idir 2016 agus 2018;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Eagróidh gach Ballstát comhpháirtíocht leis na húdaráis inniúla réigiúnacha agus áitiúla. Beidh na comhpháirtithe seo a leanas ar a laghad mar chuid den chomhpháirtíocht sin: | 1. Eagróidh gach Ballstát comhpháirtíocht leis na húdaráis inniúla réigiúnacha agus áitiúla ***a bheidh i mbun oibríochta ag an am sin.*** Beidh na comhpháirtithe seo a leanas ar a laghad mar chuid den chomhpháirtíocht sin: |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) udaráis réigiúnacha agus áitiúla nó comhlachais díobh;*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach n-aontaíonn an Coimisiún le measúnú an Bhallstáit, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoi sin agus tabharfaidh sé deis dó a bharúlacha a chur i láthair laistigh d’aon mhí amháin. | I gcás nach n-aontaíonn an Coimisiún le measúnú an Bhallstáit, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoi sin agus tabharfaidh sé deis dó a bharúlacha a chur i láthair laistigh d’aon mhí amháin. ***Féadfar an spriocdháta a fhadú má chuireann an Ballstáit réasúnú iomchuí faoi bhráid an Choimisiúin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) staid shoch-eacnamaíoch an Bhallstáit ***nó*** an réigiúin lena mbaineann; | (b) staid shoch-eacnamaíoch an Bhallstáit ***agus*** an réigiúin lena mbaineann; |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) na réigiúin NUTS 2, a bunaíodh idir 2016 agus 2018;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na hoibríochtaí a roghnófar i gcomhréir leis an straitéis chríochach. | Beidh na hoibríochtaí a roghnófar***, agus a rannchuideoidh le gnóthú na gcuspóirí sonracha a bhfaighfear cistiú ina leith,*** i gcomhréir leis an straitéis chríochach. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** CFRE, CSE+ agus CEMI tacú leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail. | 1. ***Tacóidh CETFT le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail. Sa chás sin, déanfar tagairt dó mar 'LEADER'. Tacóidh*** CFRE, CSE+ agus CEMI***, ar bhonn sineirgíochta leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe,*** leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail ***agus déanfaidh gach ceann acu méid áirithe dá gcistí a bheidh curtha ar leataobh chuige sin acu a leithdháileadh di.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Ballstát maidir leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail: | 2. Áiritheoidh an Ballstát maidir leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail: |
| (a) go bhfuil sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha; | (a) go bhfuil sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha ***agus ar limistéir thuaithe***; |

| | |
|---|---|
| (b) go bhfuil sí faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar leasanna soch-eacnamaíocha áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, agus nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an gcinnteoireacht; | (b) go bhfuil sí faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar leasanna soch-eacnamaíocha áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, agus nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ***ná ag na húdaráis phoiblí, mar a shainmhínítear i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta,*** ar an gcinnteoireacht; |
| (c) go ndéantar í trí straitéisí comhtháite i gcomhréir le hAirteagal 26; | (c) go ndéantar í trí straitéisí comhtháite ***agus straitéisí ilearnála um fhorbairt áitiúil ar bhonn limistéar*** i gcomhréir le hAirteagal 26; |
| (d) go dtacaíonn sí le líonrú, le gnéithe nuálacha den chomhthéacs áitiúil agus, i gcás inarb iomchuí, le comhar le gníomhaithe críochacha eile. | (d) go dtacaíonn sí le líonrú, le gnéithe nuálacha den chomhthéacs áitiúil agus, i gcás inarb iomchuí, le comhar le gníomhaithe críochacha eile. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh an grúpa gníomhaíochta áitiúla a beith ina thairbhí agus féadfaidh sé oibríochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis. | 5. Féadfaidh an grúpa gníomhaíochta áitiúil a bheith ina thairbhí agus féadfaidh sé oibríochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis***, ar choinníoll go ndeighltear na feidhmeanna laistigh den ghrúpa gníomhaíochta áitiúil***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an straitéis um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a eagrú chun an teagmháil idir geallsealbhóirí a éascú, chun faisnéis a sholáthar dóibh agus chun tacaíocht a thabhairt do thairbhithe féideartha maidir lena n- iarratais a ullmhú;*** |

*Réasúnú*

*Tá an tsraith leasuithe seo ceaptha chun reachtaíocht nua a choimeád i gcomhréir leis an méid a tháinig roimpi, mar baineann na gníomhaíochtaí sin tairbhe as tacaíocht faoi Airteagal 35 de rialachán na bhForálacha Coiteanna a bhí ann roimhe seo. Féach freisin na leasuithe ar Airteagal 25.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun go seachnófaí cásanna ina gcuirfí íocaíochtaí ar fionraí, áiritheoidh an Coimisiún, i dtaca le Ballstáit agus réigiúin a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhlíonadh de mar gheall ar easpa cumas riaracháin, go bhfaighidh siad cúnamh teicniúil leormhaith chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 66 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an Ballstát an fheidhm chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 70 a chur faoi chúram an údaráis bainistíochta nó comhlachta eile. | 2. Féadfaidh an Ballstát an fheidhm chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 70 a chur faoi chúram an údaráis bainistíochta***, an údaráis deimhniúcháin*** nó comhlacht eile. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit a rialacha nós imeachta maidir le soláthar tacaíochta*** |

| | |
|---|---|
| | ***den sórt sin a tharraingt suas agus a ghlacadh i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá le soiléiriú a dhéanamh ar Airteagal 67(5).*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) 2021: ***0.5*** %; | (a) 2021: ***1,5*** %; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) 2022: ***0.5*** %; | (b) 2022: ***1,5*** %; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) 2023: ***0.5*** %; | (c) 2023: ***1,5*** %; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 2024: ***0.5*** %; | (d) 2024: ***1,5*** %; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) 2025: ***0.5*** %; | (e) 2025: ***1,5*** %; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) 2026: ***0.5*** % | (f) 2026: ***1,5*** % |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 102 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tacóidh CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post i ngach réigiún a chomhfhreagraíonn do leibhéal 2 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh ('réigiúin leibhéal NUTS 2') a bunaíodh le Rialachán (CE) ***Uimh. 1059/2003***, arna leasú ag Rialachán ***Uimh. 868/2014*** ón gCoimisiún. | 1. Tacóidh CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post i ngach réigiún a chomhfhreagraíonn do leibhéal 2 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh ('réigiúin leibhéal NUTS 2'***, lena n-áirítear na cinn a rinneadh a nuacheapadh idir 2016 agus 2018***) a bunaíodh le Rialachán (CE) ***Uimh. 1059/2003***, arna leasú ag Rialachán (CE) ***Uimh. 868/2014*** ón gCoimisiún. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 102 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar aicmiú na réigiún faoi cheann amháin de na trí chatagóir réigiún a chinneadh ar bhonn na caoi ***a mbaineann*** OTI per capita gach réigiúin, arna thomhas de réir caighdeáin chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh ***na tréimhse 2014-2016***, le meán-OTI AE-27 le haghaidh na tréimhse tagartha céanna. | Déanfar aicmiú na réigiún faoi cheann amháin de na trí chatagóir réigiún a chinneadh ar bhonn OTI per capita gach réigiúin, arna thomhas de réir caighdeáin chumhachta ceannaigh ('CCC') agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh ***na tréimhse 2014-2016 agus 2016-2018, chomh maith*** le meán-OTI AE-27 le haghaidh na tréimhse tagartha céanna. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 104 – mír 4 – fomhír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Amhail ón 1 Eanáir ***2024***, déanfar acmhainní arna n-aistriú chuig SCE nach mbeidh geallta do thionscadal bonneagair iompair a chur ar fáil do na Ballstáit go léir atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCoiste Comhtháthaithe chun na tionscadail bhonneagair iompair a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán (AE) [uimhir Rialachán SCE nua]. | Amhail ón 1 Eanáir ***2026***, déanfar acmhainní arna n-aistriú chuig SCE nach mbeidh geallta do thionscadal bonneagair iompair a chur ar fáil do na Ballstáit go léir atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCoiste Comhtháthaithe chun na tionscadail bhonneagair iompair a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán (AE) [Rialachán SCE nua]. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 110 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh, 1303/2013 nó aon ghníomh eile is infheidhme maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir le cláir agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CEMI faoin tréimhse sin. | Rialachán (CE) Uimh, 1303/2013 nó aon ghníomh eile is infheidhme maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir le cláir agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ***ó CETFT*** agus ó CEMI faoin tréimhse sin. |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí |
| **Tagairtí** | COM(2018)0375 – C8-0230/2018 – 2018/0196(COD) |
| **An coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>11.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>5.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Maria Gabriela Zoană<br>25.6.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.12.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 3<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Daniel Buda, Jacques Colombier, Michel Dantin, Paolo De Castro, Albert Deß, Jørn Dohrmann, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Martin Häusling, Anja Hazekamp, Jan Huitema, Jarosław Kalinowski, Zbigniew Kuźmiuk, Philippe Loiseau, Mairead McGuinness, Nuno Melo, Ulrike Müller, James Nicholson, Maria Noichl, Marijana Petir, Bronis Ropė, Maria Lidia Senra Rodríguez, Maria Gabriela Zoană, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria Heubuch, Karin Kadenbach, Sofia Ribeiro, Annie Schreijer-Pierik |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Birgit Collin-Langen, Renate Sommer |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRAIDH TUAIRIM AIR

| 25 | + |
|---|---|
| ALDE | Ulrike Müller |
| ECR | Jørn Dohrmann, Zbigniew Kuźmiuk, James Nicholson |
| EFDD | Marco Zullo |
| GUE/NGL | Luke Ming Flanagan, Anja Hazekamp |
| PPE | Daniel Buda, Birgit Collin-Langen, Michel Dantin, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Jarosław Kalinowski, Mairead McGuinness, Nuno Melo, Marijana Petir, Sofia Ribeiro, Annie Schreijer-Pierik, Renate Sommer |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Paolo De Castro, Karin Kadenbach, Maria Noichl, Maria Gabriela Zoană |

| 3 | - |
|---|---|
| ENF | Jacques Colombier, Philippe Loiseau |
| GUE/NGL | Maria Lidia Senra Rodríguez |

| 4 | 0 |
|---|---|
| PPE | Albert Deß |
| VERTS/ALE | Maria Heubuch, Martin Häusling, Bronis Ropė |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh